BILLE NA nDLÍ-CHLEACHTÓIRÍ (AN GHAEILGE) 2007
LEGAL PRACTITIONERS (IRISH LANGUAGE) BILL 2007

Mar a ritheadh ag dhá Theach an Oireachtais
As passed by both Houses of the Oireachtas

LEGAL PRACTITIONERS (IRISH LANGUAGE) BILL 2007

As passed by both Houses of the Oireachtas

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Establishment of Irish Language Register (King's Inns).
2. Establishment of Irish Language Register (Law Society).
3. Amendment of section 43 (exemptions for practising barristers) of Solicitors Act 1954.
4. Repeals.
5. Short title and collective citation.

BILLE NA nDLÍ-CHLEACHTÓIRÍ (AN GHAEILGE) 2007

Mar a ritheadh ag dhá Theach an Oireachtais

RIAR NA nALT

Alt

1. Clár na Gaeilge (Óstaí an Rí) a bhunú.
2. Clár na Gaeilge (An Dlí-Chumann) a bhunú.
3. Leasú ar alt 43 (díolúintí d'abhcóidí cleachtacha) den Acht Aturnaethe 1954.
4. Aisghairm.
5. Gearrtheideal agus comhlua.

[Uimh. 50*c* de 2007]

Legal Practitioners (Qualification) Act 1929	1929, No. 16
Solicitors Act 1954	1954, No. 36
Solicitors Acts 1954 to 2002	
Solicitors (Amendment) Act 1994	1994, No. 27

An tAcht Lucht Cleachtuithe Dlí (Cáilíocht) 1929	1929, Uimh. 16
An tAcht Aturnaethe 1954	1954, Uimh. 36
Na hAchtanna Aturnaetha 1954 go 2002	
An tAcht Aturnaetha (Leasú) 1994	1994, Uimh. 27

LEGAL PRACTITIONERS (IRISH LANGUAGE) BILL 2007

BILL

entitled

AN ACT TO PROMOTE THE BETTER USE OF THE IRISH LANGUAGE BY LEGAL PRACTITIONERS AND THE PROVISION OF LEGAL SERVICES THROUGH IRISH AND FOR THAT PURPOSE TO PROVIDE FOR COURSES OF STUDY AND THE ESTABLISHMENT OF REGISTERS BY THE HONORABLE SOCIETY OF KING'S INNS AND THE LAW SOCIETY OF IRELAND, TO REPEAL THE LEGAL PRACTITIONERS (QUALIFICATION) ACT 1929, TO AMEND THE SOLICITORS ACT 1954 AND TO PROVIDE FOR RELATED MATTERS.

BE IT ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Establishment of Irish Language Register (King's Inns).

1.—(1) In this section—

"advanced course" means the course provided by the Council under *subsection (4)*;

"Council" means Council of the Honorable Society of King's Inns;

"Minister" means Minister for Justice, Equality and Law Reform;

"Register" means Register established under *subsection (9)*.

(2) The Council shall have regard to the status of the Irish language as the first official language and, in particular, shall in so far as it is reasonable for it to do so, seek to ensure that an adequate number of barristers-at-law are competent in the Irish language so as to be able to practise law through the Irish language as well as through the English language.

(3) (*a*) The Council shall provide a course of instruction in Irish legal terminology and the understanding of legal texts in the Irish language to all persons attending the degree course of barrister-at-law. Such course shall not be subject to examination and shall be undertaken by all such persons (other than those who have undertaken or are undertaking the course referred to in *subsection (4)*) with the aim of enabling the identification through the medium of Irish of a legal service that is required and,

BILLE NA nDLÍ-CHLEACHTÓIRÍ (AN GHAEILGE) 2007

BILLE

dá ngairtear

ACHT DO DHÉANAMH ÚSÁID NÍOS FEARR NA GAEILGE AG DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ AGUS SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA TRÍ GHAEILGE A CHUR CHUN CINN AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CÚRSAÍ STAIDÉIR AGUS MAIDIR LE CUMANN ONÓRACH ÓSTAÍ AN RÍ AGUS DLÍ-CHUMANN NA hÉIREANN DO BHUNÚ CLÁR, D'AISGHAIRM AN ACHTA LUCHT CLEACHTUITHE DLÍ (CÁILÍOCHT) 1929, DO LEASÚ AN ACHTA ATURNAETHE 1954 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Clár na Gaeilge (Óstaí an Rí) a bhunú.

1.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "ardchúrsa" an cúrsa arna sholáthar ag an gComhairle faoi *fho-alt (4)*;

ciallaíonn "Comhairle" Comhairle Chumann Onórach Óstaí an Rí;

ciallaíonn "Aire" an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn "Clár" an Clár arna bhunú faoi *fho-alt (9)*.

(2) Tabharfaidh an Chomhairle aird ar stádas na Gaeilge mar an phríomhtheanga oifigiúil agus, go háirithe, féachfaidh sí, a mhéid is réasúnach di déanamh amhlaidh, lena chinntiú go bhfuil líon dóthanach abhcóidí dlí inniúil sa Ghaeilge ionas gur féidir leo an dlí a chleachtadh trí Ghaeilge chomh maith lena chleachtadh trí Bhéarla.

(3) (*a*) Déanfaidh an Chomhairle cúrsa teagaisc i dtéarmaíocht dhlíthiúil na Gaeilge agus i dtuiscint téacsanna dlíthiúla sa Ghaeilge a sholáthar do gach duine atá ag freastal ar an gcúrsa céime abhcóide dlí. Ní bheidh an cúrsa sin faoi réir scrúdaithe agus déanfaidh gach duine den sórt sin (seachas na daoine sin a bhfuil an cúrsa dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* déanta nó á dhéanamh acu) an cúrsa sin d'fhonn a chumasú seirbhís dhlíthiúil atá ag teastáil a

where appropriate, facilitating the referral to a practitioner who is competent to conduct the case through the Irish language.

(*b*) Any person attending the degree course of barrister-at-law who, before the repeal by this Act of the Legal Practitioners (Qualification) Act 1929, had complied with section 3 of that Act shall be deemed to have attended the course referred to in *paragraph (a)*.

(*c*) Any person who completed the degree course of barrister-at-law before the repeal by this Act of the Legal Practitioners (Qualification) Act 1929, who had not complied with section 3 of that Act, shall be deemed to have complied with that section.

(4) The Council shall provide an advanced course for the practice of law through the Irish language as an optional subject for those attending the degree course of barrister-at-law.

(5) The advanced course may, in addition to being an optional subject in the barrister-at-law degree course, be made available to such other persons as the Council shall determine from time to time, including but not limited to practising barristers who wish to develop or retain a level of competence to practise through the Irish language.

(6) Before being admitted to the advanced course, an applicant for that course may be required by the Council to establish that he or she has reached a general level of competence and proficiency in the Irish language.

(7) The Council shall, at least once a year, hold an examination in the practice of law through the Irish language.

(8) A person shall not be eligible to sit an examination under *subsection (7)*, unless he or she has undertaken the advanced course.

(9) The Council shall establish and maintain a Register, to be known in the Irish language as *Clár na Gaeilge (Óstaí an Rí)* and in the English language as the Irish Language Register (King's Inns).

(10) The Council shall enter on the Register the name and contact details of a barrister-at-law who has passed an examination under—

(*a*) *subsection (7)*, or

(*b*) under section 40(2A)(*g*) (inserted by *section 2* of this Act) of the Solicitors Act 1954.

(11) The Council shall ensure that—

(*a*) the Register is kept up to date, and is amended from time to time for that purpose, and

(*b*) a copy of the Register (as so amended) is made available to the Law Society of Ireland.

(12) The Council shall, at all reasonable times, make available for public inspection without charge at the offices of the Honorable Society of King's Inns—

shainaithint trí mheán na Gaeilge agus, más cuí, d'fhonn tarchur cáis chuig cleachtóir atá inniúil chun an cás a sheoladh trí Ghaeilge a éascú.

(*b*) Aon duine atá ag freastal ar an gcúrsa céime abhcóide dlí agus a raibh, roimh aisghairm an Achta Lucht Cleachtuithe Dlí (Cáilíocht) 1929 leis an Acht seo, alt 3 den Acht sin comhlíonta aige nó aici, measfar ina leith go ndearna sé nó sí freastal ar an gcúrsa dá dtagraítear i *mír (a)*.

(*c*) Aon duine a mbeidh an cúrsa céime abhcóide dlí críochnaithe aige nó aici roimh aisghairm an Achta Lucht Cleachtuithe Dlí (Cáilíocht) 1929 leis an Acht seo, agus nach raibh alt 3 den Acht sin comhlíonta aige nó aici, measfar ina leith gur chomhlíon sé nó sí an t-alt sin.

(4) Déanfaidh an Chomhairle ardchúrsa i gcomhair chleachtadh an dlí trí Ghaeilge a sholáthar mar ábhar roghnach do na daoine sin atá ag freastal ar an gcúrsa céime abhcóide dlí.

(5) Féadfar an t-ardchúrsa, i dteannta é a bheith ina ábhar roghnach ar an gcúrsa céime d'abhcóidí dlí, a chur ar fáil do cibé daoine eile a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham, lena n-áirítear abhcóidí cleachtacha ar mian leo leibhéal inniúlachta chun cleachtadh trí Ghaeilge a fhorbairt nó a choinneáil, ach gan a bheith teoranta do na habhcóidí sin.

(6) Sula ligfear d'iarratasóir an t-ardchúrsa a dhéanamh, féadfaidh an Chomhairle a cheangal air nó uirthi a shuíomh go bhfuil leibhéal ginearálta inniúlachta agus oilteachta sa Ghaeilge bainte amach aige nó aici.

(7) Déanfaidh an Chomhairle scrúdú i gcleachtadh an dlí trí Ghaeilge a sheoladh uair sa bhliain ar a laghad.

(8) Ní bheidh duine i dteideal dul faoi scrúdú faoi *fho-alt (7)* mura mbeidh an t-ardchúrsa déanta aige nó aici.

(9) Déanfaidh an Chomhairle Clár a bhunú agus a choimeád, ar a dtabharfar Clár na Gaeilge (Óstaí an Rí) sa Ghaeilge agus *the Irish Language Register (King's Inns)* sa Bhéarla.

(10) Taifeadfaidh an Chomhairle sa Chlár ainm agus mionsonraí teagmhála abhcóide dlí a mbeidh pas faighte aige nó aici i scrúdú—

(*a*) faoi *fho-alt (7)*, nó

(*b*) faoi alt 40(2A)(*g*) (arna chur isteach le *halt 2* den Acht seo) den Acht Aturnaethe 1954.

(11) Cinnteoidh an Chomhairle—

(*a*) go gcoinneofar an Clár cothrom le dáta, agus go leasófar é ó am go ham chun na críche sin, agus

(*b*) go ndéanfar cóip den Chlár (arna leasú amhlaidh) a chur ar fáil do Dhlí-Chumann na hÉireann.

(12) Déanfaidh an Chomhairle, gach tráth réasúnach, na nithe seo a leanas a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal gan táille in oifigí Chumann Onórach Óstaí an Rí—

(*a*) a copy of the Register, and

(*b*) a copy of the Irish Language Register (Law Society),

and that duty may be complied with by making those copies available on the website of the Honorable Society of King's Inns.

(13) (*a*) Not later than 31 March in each year, the Council shall furnish a report in writing in both the Irish language and the English language to the Minister on the operation of this section during the preceding year.

(*b*) A report under *paragraph (a)* shall contain details of—

(i) the number of persons taking the advanced course,

(ii) the number of persons who sat the examination under *subsection (7)*,

(iii) the number of persons who passed the examination under *subsection (7)*, and

(iv) such other information as the Minister may from time to time request.

(*c*) As soon as practicable after the Council furnishes a report under *paragraph (a)*, the Minister shall lay a copy of it before each House of the Oireachtas.

Establishment of Irish Language Register (Law Society).

2.—Section 40 of the Solicitors Act 1954 is amended—

(*a*) by inserting the following subsection after subsection (2)—

"(2A) (*a*) In this subsection—

'advanced course' means the course provided by the Society under paragraph (*d*);

'Minister' means Minister for Justice, Equality and Law Reform;

'Professional Practice Course' means a vocational course for the education or training of persons seeking to be admitted as solicitors;

'Register' means Register established under paragraph (*i*).

(*b*) The Society shall have regard to the status of the Irish language as the first official language and, in particular, shall in so far as it is reasonable for it to do so, seek to ensure that an adequate number of solicitors are competent in the Irish language so as to be able to practise law through the Irish language as well as through the English language.

(*c*) (i) The Society shall provide a course of instruction in Irish legal terminology and the understanding of legal texts in the Irish language to all persons undertaking

(*a*) cóip den Chlár, agus

(*b*) cóip de Chlár na Gaeilge (An Dlí-Chumann),

agus féadfar an dualgas sin a chomhlíonadh trí na cóipeanna sin a chur ar fáil ar láithreán gréasáin Chumann Onórach Óstaí an Rí.

(13) (*a*) Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tabharfaidh an Chomhairle tuarascáil i scríbhinn i nGaeilge agus i mBéarla don Aire maidir le hoibriú an ailt seo i rith na bliana roimhe sin.

(*b*) Beidh mionsonraí faoin méid seo a leanas i dtuarascáil faoi *mhír (a)*—

(i) an líon daoine atá i mbun an ardchúrsa,

(ii) an líon daoine a chuaigh faoin scrúdú faoi *fho-alt (7)*,

(iii) an líon daoine a fuair pas sa scrúdú faoi *fho-alt (7)*, agus

(iv) cibé faisnéis eile a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

(*c*) A luaithe is indéanta tar éis don Chomhairle tuarascáil a thabhairt faoi *mhír (a)*, déanfaidh an tAire cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Clár na Gaeilge (An Dlí-Chumann) a bhunú.

2.—Leasaítear alt 40 den Acht Aturnaethe 1954—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2)—

"(2A) (*a*) San fho-alt seo—

ciallaíonn "ardchúrsa" an cúrsa arna sholáthar ag an gCumann faoi mhír (*d*);

ciallaíonn "Aire" an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn "Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil" gairmchúrsa chun oideachas nó oiliúint a chur ar dhaoine a bheidh ag iarraidh a nglactha mar aturnaetha;

ciallaíonn "Clár" an Clár arna bhunú faoi mhír (*i*).

(*b*) Tabharfaidh an Cumann aird ar stádas na Gaeilge mar an phríomhtheanga oifigiúil agus, go háirithe, féachfaidh sé, a mhéid is réasúnach dó déanamh amhlaidh, lena chinntiú go bhfuil líon dóthanach aturnaetha inniúil sa Ghaeilge ionas gur féidir leo an dlí a chleachtadh trí Ghaeilge chomh maith lena chleachtadh trí Bhéarla.

(*c*) (i) Déanfaidh an Cumann cúrsa teagaisc i dtéarmaíocht dhlíthiúil na Gaeilge agus i dtuiscint téacsanna dlíthiúla sa Ghaeilge a sholáthar do gach duine atá ag déanamh

the Professional Practice Course. Such course shall not be subject to examination and shall be undertaken by all such persons (other than those who have undertaken or are undertaking the course referred to in paragraph (*d*)) with the aim of enabling the identification through the medium of Irish of a legal service that is required and, where appropriate, facilitating the referral to a practitioner who is competent to conduct the case through the Irish language.

(ii) Any person undertaking the Professional Practice Course who, before the commencement of *section 2* of the *Legal Practitioners (Irish Language) Act 2008*, had passed both of the examinations in the Irish language provided for by regulations made under subsection (3) of this section shall be deemed to have attended the course referred to in subparagraph (i).

(*d*) The Society shall provide an advanced course for the practice of law through the Irish language as an optional subject for those pursuing the Professional Practice Course.

(*e*) The advanced course may, in addition to being an optional subject in the Professional Practice Course, be made available to such other persons as the Society shall determine from time to time, including but not limited to solicitors who wish to develop or retain a level of competence to practise through the Irish language.

(*f*) Before being admitted to the advanced course, an applicant for that course may be required by the Society to establish that he or she has reached a general level of competence and proficiency in the Irish language.

(*g*) The Society shall, at least once a year, hold an examination in the practice of law through the Irish language.

(*h*) A person shall not be eligible to sit an examination under paragraph (*g*), unless he or she has undertaken the advanced course.

(*i*) The Society shall establish and maintain a Register, to be known in the Irish language as *Clár na Gaeilge (An Dlí-Chumann)* and in the English language as the Irish Language Register (Law Society).

(*j*) The Society shall enter on the Register the name and contact details of a solicitor who has passed an examination under—

(i) paragraph (*g*), or

an Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil. Ní bheidh an cúrsa sin faoi réir scrúdaithe agus déanfaidh gach duine den sórt sin (seachas na daoine sin a bhfuil an cúrsa dá dtagraítear i mír (*d*) déanta nó á dhéanamh acu) an cúrsa sin d'fhonn a chumasú seirbhís dhlíthiúil atá ag teastáil a shainaithint trí mheán na Gaeilge agus, más cuí, d'fhonn tarchur cáis chuig cleachtóir atá inniúil chun an cás a sheoladh trí Ghaeilge a éascú.

(ii) Aon duine atá ag déanamh an Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil agus a raibh, roimh thosach feidhme *alt 2 d'Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008*, pas faighte aige nó aici sa dá scrúdú sa Ghaeilge dá bhforáiltear le rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (3) den alt seo measfar ina leith gur fhreastail sé nó sí ar an gcúrsa dá dtagraítear i bhfomhír (i).

(*d*) Déanfaidh an Cumann ardchúrsa i gcomhair chleachtadh an dlí trí Ghaeilge a sholáthar mar ábhar roghnach do na daoine sin atá i mbun an Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil.

(*e*) Féadfar an t-ardchúrsa, i dteannta é a bheith ina ábhar roghnach sa Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil, a chur ar fáil do cibé daoine eile a chinnfidh an Cumann ó am go ham, lena n-áirítear aturnaetha ar mian leo leibhéal inniúlachta chun cleachtadh trí Ghaeilge a fhorbairt nó a choinneáil, ach gan a bheith teoranta do na haturnaetha sin.

(*f*) Sula ligfear d'iarratasóir an t-ardchúrsa a dhéanamh, féadfaidh an Cumann a cheangal air nó uirthi a shuíomh go bhfuil leibhéal ginearálta inniúlachta agus oilteachta sa Ghaeilge bainte amach aige nó aici.

(*g*) Déanfaidh an Cumann scrúdú i gcleachtadh an dlí trí Ghaeilge a sheoladh uair sa bhliain ar a laghad.

(*h*) Ní bheidh duine i dteideal dul faoi scrúdú faoi mhír (*g*), mura mbeidh an t-ardchúrsa déanta aige nó aici.

(*i*) Déanfaidh an Cumann Clár a bhunú agus a choimeád ar a dtabharfar Clár na Gaeilge (An Dlí-Chumann) sa Ghaeilge agus *the Irish Language Register (Law Society)* sa Bhéarla.

(*j*) Taifeadfaidh an Cumann sa Chlár ainm agus mionsonraí teagmhála aturnae a mbeidh pas faighte aige nó aici i scrúdú—

(i) faoi mhír (*g*), nó

(ii) *section 1(7)* of the *Legal Practitioners (Irish Language) Act 2008*.

(*k*) The Society shall ensure that—

(i) the Register is kept up to date, and is amended from time to time for that purpose, and

(ii) a copy of the Register (as so amended) is made available to the Honorable Society of King's Inns.

(*l*) The Society shall, at all reasonable times, make available for public inspection without charge at its offices—

(i) a copy of the Register, and

(ii) a copy of the Irish Language Register (King's Inns),

and that duty may be complied with by making those copies available on its website.

(*m*) (i) Not later than 31 March in each year, the Society shall furnish a report in writing in both the Irish language and the English language to the Minister on the operation of this subsection during the preceding year.

(ii) A report under subparagraph (i) shall contain details of—

(I) the number of persons taking the advanced course,

(II) the number of persons who sat the examination under paragraph (*g*),

(III) the number of persons who passed the examination under paragraph (*g*), and

(IV) such other information as the Minister may from time to time request.

(*n*) As soon as practicable after the Society furnishes a report under paragraph (*m*)(i), the Minister shall lay a copy of it before each House of the Oireachtas.",

and

(*b*) by deleting subsection (3).

Amendment of section 43 (exemptions for practising barristers) of Solicitors Act 1954.

3.—Section 43 (inserted by section 51 of the Solicitors (Amendment) Act 1994) of the Solicitors Act 1954, is amended by substituting the following subsection for subsection (4):

(ii) faoi *alt 1(7) d'Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008*.

(*k*) Cinnteoidh an Cumann—

(i) go gcoinneofar an Clár cothrom le dáta, agus go leasófar é ó am go ham chun na críche sin, agus

(ii) go gcuirfear cóip den Chlár (arna leasú amhlaidh) ar fáil do Chumann Onórach Óstaí an Rí.

(*l*) Déanfaidh an Cumann, gach tráth réasúnach, na nithe seo a leanas a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal gan táille ina oifigí—

(i) cóip den Chlár, agus

(ii) cóip de Chlár na Gaeilge (Óstaí an Rí).

agus féadfar an dualgas sin a chomhlíonadh trí na cóipeanna sin a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin.

(*m*) (i) Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tabharfaidh an Cumann tuarascáil i scríbhinn i nGaeilge agus i mBéarla don Aire maidir le hoibriú an fho-ailt seo i rith na bliana roimhe sin.

(ii) Beidh mionsonraí faoin méid seo a leanas i dtuarascáil faoi fhomhír (i)—

(I) líon na ndaoine atá i mbun an ardchúrsa,

(II) líon na ndaoine a chuaigh faoin scrúdú faoi mhír (*g*),

(III) líon na ndaoine a fuair pas sa scrúdú faoi mhír (*g*), agus

(IV) cibé faisnéis eile a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

(*n*) A luaithe is indéanta tar éis don Chumann tuarascáil a thabhairt faoi mhír (*m*)(i), déanfaidh an tAire cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.",

agus

(*b*) trí fho-alt (3) a scriosadh.

Leasú ar alt 43 (díolúintí d'abhcóidí cleachtacha) den Acht Aturnaethe 1954.

3.—Déantar alt 43 (a cuireadh isteach le halt 51 den Acht Aturnaetha (Leasú) 1994) den Acht Aturnaethe 1954 a leasú tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) A person to whom this section applies shall not be required to undertake a course of instruction under section 40(2A)(*c*)(i) (inserted by *section 2* of the *Legal Practitioners (Irish Language) Act 2008*), if he or she—

(*a*) has undertaken a course of instruction provided for under *section 1* of the *Legal Practitioners (Irish Language) Act 2008*, or

(*b*) has passed, or was, immediately before the commencement of the *Legal Practitioners (Irish Language) Act 2008*, exempted from passing any examination in the Irish language prescribed by the Chief Justice under section 3 of the Legal Practitioners (Qualification) Act 1929.".

Repeals.

4.—The following are repealed:

(*a*) the Legal Practitioners (Qualification) Act 1929,

(*b*) section 40(6) of the Solicitors Act 1954, and

(*c*) in so far as it is not already repealed, section 43(2) of the Solicitors Act 1954 (inserted by section 51 of the Solicitors (Amendment) Act 1994).

Short title and collective citation.

5.—(1) This Act may be cited as the Legal Practitioners (Irish Language) Act 2008.

(2) The Solicitors Acts 1954 to 2002, *section 2* of this Act and this subsection may be cited together as the Solicitors Acts 1954 to 2008 and shall be read together as one.

"(4) Ní cheanglófar ar dhuine lena mbaineann an t-alt seo cúrsa teagaisc faoi alt 40(2A)(*c*)(i) (a cuireadh isteach le *halt 2 d'Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008*) a dhéanamh más rud é—

(*a*) go mbeidh cúrsa teagaisc dá bhforáiltear faoi *alt 1 d'Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008* déanta aige nó aici, nó

(*b*) go raibh pas faighte aige nó aici, nó go raibh sé nó sí, díreach roimh thosach feidhme *Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008*, díolmhaithe ó phas a fháil, in aon scrúdú Gaeilge arna fhorordú ag an bPríomh-Bhreitheamh faoi alt 3 den Acht Lucht Cleachtuithe Dlí (Cáilíocht) 1929.".

Aisghairm.

4.—Aisghairtear an méid seo a leanas:

(*a*) an tAcht Lucht Cleachtuithe Dlí (Cáilíocht) 1929,

(*b*) alt 40(6) den Acht Aturnaethe 1954, agus

(*c*) a mhéid nach bhfuil sé arna aisghairm cheana féin, alt 43(2) den Acht Aturnaethe 1954 (a cuireadh isteach le halt 51 den Acht Aturnaetha (Leasú) 1994).

Gearrtheideal agus comhlua.

5.—(1) Féadfar Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Aturnaetha 1954 go 2008 a ghairm de na hAchtanna Aturnaetha 1954 go 2002, *d'alt 2* den Acht seo agus den fho-alt seo, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.